RAMELTON FLOOD RELIEF SCHEME

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

# Ráth Mealtain
# Scéim Cosanta Tuilte



## Nuachtlitir
## Iúil 2024

SAN EAGRÁN SEO


Samhaltú Hiodrálacha — Leathanach 2
Roghanna ar Mheasúnú — Leathanach 3
Gníomhaíochtaí Comhshaoil — Leathanach 4
An Chéad Chéim Eile — Leathanach 5


# Forléargas is Déanaí

Seo an deichiú nuachtlitir do Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtáin. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinneadh ó foilsíodh an nuachtlitir dheiridh áirítear samhaltú hiodrálach, measúnú ar roghanna agus gníomhaíochtaí comhshaoil.

# Samhaltú Hiodrálach

Críochnaíodh an measúnú samhaltú hiodrálach agus cuireadh an dréacht-Tuarascáil Hiodrálach faoi bhráid an chliaint. Tá Ayesa ag dul ar aghaidh leis an tuarascáil hiodrálaice a thabhairt cothrom le dáta go stádas deiridh, rud a chuirfidh tuilleadh le measúnú roghanna na scéime leis an scéim roghnaithe a chinneadh.

# Imscrúduithe Talún

Ullmhaíodh doiciméid tairisceana le haghaidh oibreacha imscrúdaithe láithreáin ar fud limistéar scéim Ráth Mealtain le coinníollacha talún a chinneadh le haghaidh bearta cosanta tuilte féideartha. Áirítear le scóip an chonartha claiseanna trialacha, trinsí scoilte, poill tóraíochta cnagchábla agus cóiriú rothlach agus tá sé á athbhreithniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus Oifig na nOibreacha Poiblí agus déanfar é a fhógairt don mhargadh in am trátha.

I ndiaidh an phróisis tairisceana ceapfar conraitheoir go luath ina dhiaidh sin leis an chonradh a stiúradh. Socróidh agus comhaontóidh foireann an tionscadail bealaí rochtana sula dtabharfar faoi na himscrúduithe talún. Cinnfidh an obair seo na coinníollacha foriomlána i limistéar na scéime agus cuirfear eolas ar fáil do shuíomh na n-oibreacha agus na bhfeabhsuithe féideartha atá aitheanta mar chuid den scéim faoisimh tuilte.

# Roghanna ar Mheasúnú

## Measúnú ar Bhallaí an Ché

Bronnadh an conradh ar CORA Consulting Engineers le haghaidh measúnú speisialta ar ché agus ballaí abhann i Ráth Mealtain le lochtanna agus rioscaí struchtúracha agus cobhsaíocht a aithint. Cuireadh tús le hoibreacha suirbhéireachta i mí Eanáir 2024 agus tá an ghné thuairiscithe go fóill ar siúl. Déanfar measúnú ar thorthaí agus moltaí CORA agus cuirfear i bhfeidhm iad i ndearadh na scéime nuair is indéanta agus is cuí. Bainfear úsáid as an mheasúnú seo i gcomhairle le hOifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, an Cumann Seoirseach, agus an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta.



Cearnóg Bhinne - Fréamh Crainn ag Fás i mBalla

(Tuairisc ó CORA Conservation Engineering)



Ionad Ché Ráth Mealtáin – Saoirseacht Scaoilte

(Tuairisc ó CORA Conservation Engineering)

# Gníomhaíochtaí Comhshaoil

## Suirbhéanna Speisialtóra

Tá na suirbhéanna comhshaoil bonnlíne speisialaithe do Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtáin tugtha chun críche faoi láthair. Tabharfar faoi shuirbhéanna breise nuair a bheidh na bearta cosanta tuilte sainaitheanta.

D'aithin Ayesa suirbhéanna breise éiceolaíochta atá de dhíth le hailíniú le riachtanais phleanála agus tá siad sceidealaithe do Shamhradh 2025, lena n-áirítear:

- Suirbhé ar Sciatháin Leathair
- Suirbhé ar Dhobharchúnna
- Suirbhé ar Éin Ghoir

## Réitigh Dhúlra-bhunaithe

Tá staidéar féidearthachta agus tuairisc curtha le chéile ag foireann an tionscadail atá de dhíth le haghaidh Réitigh Dhúlra (NbS) a sholáthraíonn deiseanna coinneála uisce.

Críochnaíodh léarscáiliú d'acmhainneacht SNL don Limistéar Staidéir le measúnú a dhéanamh ar laghdú rith chun srutha, ar stóráil tuilemhá agus ar bhainistiú dríodair do na dobharcheantair a dhraenáiltear go limistéar na scéime. Tá an dréacht-tuarascáil comhlánaithe agus tabharfar chun críche í nuair a bheidh measúnú déanta ar na roghanna.

# An Chéad Chéim Eile

Sna míonna atá amach romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar:

- **Leanúint ar aghaidh le Measúnú ar Roghanna**
- **An speisialtóir caomhantais a bhainistiú.**
- **Múnlú Hiodrálach ar Roghanna Cosanta Tuilte.**
- **Conradh um Imscrúduithe Talún.**

# Déan Teagmháil Linn

**Más mian leat teagmháil a dhéanamh lenár bhFoireann Tionscadail faoi aon ábhar a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Bhealach Ráth Mealtáin is féidir leat é sin a dhéanamh ar an dóigh seo a leanas:**

## Ríomhphost

RameltonFRS@Ayesa.com

## Post

Bainisteoir Tionscadail FRS Ráth Mealtáin
Ayesa
Foirgnimh 2100
Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

## Guthán

+353 (0) 21 240 7988

**Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt le do thoil ar ár suíomh**